# Teicneolaíocht Adhmaid

Nuachtlitir
Earrach 2023 - Eagrán 13

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun múinteoirí a spreagadh, tacú leo agus iad a chumasú san athrú ó bhonn ar oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn.

## Féile na Foghlama Gairmiúla





**'Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna agus ar na féidearthachtaí a bhaineann le deileadh adhmaid sa seomra ranga'**


Gheobhaidh an lucht freastail léargas ar phleanáil don deileadh adhmaid, agus ar a chomhtháthú mar scil cheardaíochta sa seomra ranga. Déanfar iniúchadh freisin ar dheiseanna chun dul i ngleic le gnéithe den eolaíocht adhmaid tríd an deileadh adhmaid. Feicfear sa seimineár gréasáin freisin taispeántais ar theicnící éifeachtacha deileadh adhmaid leis an deileadóir móréilimh Willie Creighton.

Cláraigh anseo!

## ... sa Nuacht!


Bímid i gcónaí ar lorg ailt nuachta, físeán, agus suíomhanna gréasáin a bheadh ina ndíol spéise duit féin agus do do scoláirí. D'fhéadfadh roinnt eispéiris foghlaimeoirí shuimiúla teacht as na naisc thíos maidir leis na torthaí foghlama seo a leanas:

- 1.11 na tionchair chomhshaoil a bhaineann le húsáid adhmaid mar acmhainn nádúrtha agus in-athnuaite a iniúchadh
- 3.10 léirthuiscint a fhorbairt do ról an fhoraoisithe agus an adhmaid i dtéarmaí na héiceolaíochta agus na hinbhuanaitheachta áitiúla agus domhanda
- 3.11 iniúchadh a dhéanamh ar thuras an adhmaid, ón bhforaois go dtí an úsáid deiridh




**Éicea-Shúil - Foraoiseacht**

Anailís a dhéanamh ar an ról atá ag foraoisí chun ár n-aeráid a rialú agus ar an gcaoi ar féidir leo muid a thabhairt ar chosán chuig sochaí níos inbhuanaithe.



**Teicneolaíocht Nanaicheallaloise**

Leas a bhaint as bloic thógála mhicreascópacha an adhmaid chun ábhair a dhearadh don bhonneagar glas.



**Slabhra Soláthair na Foraoise**

Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le foraoisí a bhainistítear ar bhonn inbhuanaithe réiteach aeráide a sholáthar.

## Podchraoladh le Eoin Reardon



Bhí an-áthas ar JCt4 podchraoladh a thaifeadadh le hEoin Reardon le déanaí, a bhfuil cáil air mar gheall ar a chuid físeán ar athchóiriú le huirlisí láimhe agus scileanna traidisiúnta adhmadóireachta.

Tá Eoin lonnaithe i gCorcaigh. Faoi láthair, tá 2.3 milliún leantóir aige ar TikTok, agus 241k síntiúsóir ar a chainéal YouTube. Tá Eoin paiseanta faoi uirlisí láimhe traidisiúnta agus faoi thionscadail athchóirithe. Trína ardáin ar na meáin shóisialta, déanann Eoin iarracht daoine óga a spreagadh chun dul i mbun cheird na hadhmadóireachta.

Le linn an phodchraolta, pléann Eoin an grá atá aige don lámhcheardaíocht le hadhmad, an tábhacht a bhaineann leis an gceird a choinneáil beo, cumhacht na meán sóisialta agus tá roinnt comhairle aige do scoláirí sa tSraith Shóisearach. Beidh an podchraoladh ar fáil, go luath, ar ár seinnliosta Hands-On (Teagmhálach) ar an gcainéal podchraoltaí, Cainteanna na Sraithe Sóisearaí.

## Acmhainní úsáideacha

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na múinteoirí Teicneolaíocht Adhmaid ar fad a tháinig isteach chugainn le linn ár gceardlann FGL ar líne i mbliana. Le linn na ceardlainne bhreathnaigh muid ar acmhainn físe darb ainm "Daniel Gill – Turas le hAdhmad". San fhíseán sin pléann Daniel, déantóir troscáin ó iarthar na hÉireann, a chur chuige maidir le hadhmad a fhoinsiú, a oiriúnú, a stálú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe.

Chun foghlaim ghníomhach a chur chun cinn inár seomra ranga forbraíodh agus roinneadh sraith cártaí gníomhaíochta le múinteoirí freisin. Is féidir teacht ar na hacmhainní sin trí chliceáil ar na híomhánna thíos.






## An Príomheolas is Déanaí

Ar an 1 Meán Fómhair 2023, bunófar seirbhís tacaíochta nua-chomhtháite darb ainm Oide. Faoi láthair, tá ceithre sheirbhís tacaíochta oideachais múinteoirí aonair ann a sholáthraíonn réimse leathan tacaí leanúnacha don bhunscoil, don iar-bhunscoil agus do scoileanna speisialta, lena n-áirítear imeachtaí foghlaim ghairmiúil do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí.




Is iad sin: An Lárionad um Cheannaireacht Scoile (LCS), an tSraith Sóisearach do Mhúinteoirí (SSM), an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM), an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM). Is féidir teacht ar shuíomh gréasáin Oide anseo agus/nó Oide a leanúint ar an gcóras Giolcaireachta.

## Coinnigh i dteagmháil!

Chun teacht ar an eolas is déanaí le Teicneolaíocht Adhmaid JCt4, cláraigh lenár liosta seoltaí agus lean muid ar Twitter @JCt4ed.



Barry Nolan
Ceannaire Foirne



Declan Regan
Comhairleoir



Michael Lynch
Comhairleoir



Patrick Kelly
Comhairleoir